An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia – SCÉIM NA hAONÍOCAÍOCHTA
Iarratas ar Chomhdhlúthú Teidlíochtaí 2010

Sula gcomhlánóidh tú an fhoirm seo, léigh an fhaisnéis atá ceangailte léi, le do thoil
Comhdhlúthú Teidlíochtaí – Téarmaí agus Coinníollacha

CAITHFEAR NA HIARRATAIS UILE AGUS NA DOICIMÉID TACAÍOCHTA A GHABHANN LEO A FHÁIL AR NÓ ROIMH AN DÁTA DEIRIDH AN 17 BEALTAINE 2010

Is mian liom iarratas a dhéanamh go gcomhdhlúthófar mo Theidlíochtaí Aoníocaíochta ar na tailte a dhearbhaigh mé ar m'iarratas Scéim Aoníocaíochta 2010.

Ainm:	**Tréaduimhir:**
Seoladh:	**Teileafón:**
	Fón Póca:

An fáth leis an gcomhdhlúthú:
Caithfear an/na fáth(anna) leis an laghdú ar líon na heicteár incháilithe a dearbhaíodh san iarratas faoi Scéim na hAoníocaíochta (SPS) i gcomparáid le meánmhéid na heicteár a dearbhaíodh sa tréimhse thagartha SPS agus a úsáideadh chun do theidlíochtaí a chruthú a mhíniú le tagairt don mhéid seo a leanas:
(Cuir tic leis an gcatagóir thíos a bhaineann le d'iarratas)

Cíos:
Tailte a tógadh ar cíos le linn thréimhse uile na tréimhse tagartha nó cuid di, áit a éagfaidh nó a d'éag an comhaontú cíosa agus nach bhfuil na dáileachtaí talún i gceist dearbhaithe ar d'iarratas SPS 2010. (Sínigh an dearbhú thíos)

An Scéim um Bainistíocht Dramhaíl Feirme (FWM):
Tailte a cailleadh toisc gur úsáideadh iad d'fhoirgnimh faoin Scéim um Chúnamh Infheistíochta do Bhainistíocht Dramhaíl Feirme.

☐ **Biatas Siúcra:**
Feirmeoirí ar bronnadh teidlíochtaí breise orthu mar thoradh ar an Athchóiriú Biatas Siúcra sa bhliain 2006 agus a chaill talamh faoi cheann de na bearta thuas.

Léas:
Tailte a tógadh ar léas le linn thréimhse uile na tréimhse tagartha nó cuid di, áit a éagfaidh nó a d'éag an léas agus nach bhfuil na dáileachtaí talún i gceist dearbhaithe ar d'iarratas SPS 2010.

Ordú Ceannaigh Éigeantaigh (CPO):
Talamh a fuair Údarás Poiblí chun críocha neamhthalmhaíochta e.g. um fhorbairt bóithre. (Ní féidir talamh a díoladh/bronnadh um fhorbairt a chur san áireamh)

Cuir tic mar is cuí sa bhosca a leanas, le do thoil:

☐ **D'aistrigh mé amach, gan teidlíochtaí coibhéiseacha, talamh faoi úinéireacht a bhí ar fáil dom sa tréimhse thagartha mar a léirítear thíos.**

Uimhir na Dáileachta Talún: _____ **Glanheicteáir:** _____
Uimhir na Dáileachta Talún: _____ **Glanheicteáir:** _____

Maidir le tailte ar bith faoi úinéireacht a aistríodh amach, mura ndéanann feirmeoir líon coibhéiseach heicteár ar a laghad a chur ina n-ionad, déanfar teidlíochtaí comhdhlúite a áireamh bunaithe ar an talamh a aistríodh amach chomh maith leis na heicteáir incháilithe a dearbhaíodh ar an bhfoirm iarratais SPS 2010.

☐ **D'aistrigh mé amach, le teidlíochtaí coibhéiseacha, talamh faoi úinéireacht mar a léirítear thíos.**

Uimhir na Dáileachta Talún: _____ **Glanheicteáir:** _____
Uimhir na Dáileachta Talún: _____ **Glanheicteáir:** _____

Maidir le tailte a cuireadh de láimh trí aistriú **buan** le líon coibhéiseach teidlíochtaí, ní gá aon rud a chur ina n-ionad. Déanfar an talamh agus na teidlíochtaí seo a eisiamh ó áireamh an chomhdhlúthaithe, ach beidh riail an 50**%** bunaithe ar an leithdháileadh bunaidh móide teidlíochtaí breise ar bith a leithdháileadh i ndáil leis an athchóiriú Biatas Siúcra. **Féadtar doiciméid tacaíochta a iarraidh chun a chruthú gur tugadh an méid céanna talún agus teidlíochtaí de láimh don úinéir tréada céanna**.

Dearbhú cíosa:
Is mian liom a dhearbhú, maidir le talamh ar cíos ar a ndearna mé feirmeoireacht le linn na tréimhse tagartha, nach bhfuil sí ar fáil dom a thuilleadh.

Sínithe: Dáta:

An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia – SCÉIM NA hAONÍOCAÍOCHTA
Iarratas ar Chomhdhlúthú Teidlíochtaí 2010

- **Tabhair sonraí uimhreacha na ndáileachtaí talún ar a ndearna tú feirmeoireacht le linn na tréimhse tagartha agus nach bhfuil ar fáil duit a thuilleadh mar thoradh ar (a) Talamh a fuair Údarás Poiblí/CPO, (b) Léas Éagtha, (c) Comhaontuithe cíosa éagtha, (d) Bainistíocht Dramhaíl Feirme.**

Blianta tagartha 2000 - 2002			Bliain thagartha 2004
Bliain 2000 **Sonraí dáileachta**	**Bliain 2001** **Sonraí dáileachta**	**Bliain 2002** **Sonraí dáileachta**	**Bliain 2004** **Sonraí dáileachta** **(Iarratasóirí Biatas Siúcra amháin)**

Doiciméid Tacaíochta – Ba chóir na doiciméid seo a leanas a chur isteach i ngach cás agus iad marcáilte go soiléir le do Thréaduimhir reatha:

CPO: Cuir isteach cóip d'Fhógra Iontrála an CPO/den Chonradh díola sínithe.
Léas: Cuir isteach cóip den chomhaontú léasa éagtha.
Cíos: Dearbhú cíosa ar leathanach tosaigh na foirme seo sínithe agatsa.
FWM: Cuir isteach cóip den litir formheasa FWM8.

Dearbhaím go bhfuil an t-eolas go léir atá tugtha agam san iarratas seo fíor, cruinn agus iomlán. Tá na doiciméid tacaíochta ábhartha go léir á gcur isteach agam leis an iarratas seo.

Síniú: _____ **Dáta:** _____

Má tá tú incháilithe do chur isteach ar chomhdhlúthú, ba chóir duit an t-iarratas seo a chomhlánú, na doiciméid tacaíochta go léir a cheangal leis, agus é a chur chuig: An Rannóg um Chomhdhlúthú, Aonad na dTeidlíochtaí Aoníocaíochta, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh & Bia, Foirgneamh Eircom, Cnoc Meá, Port Laoise, Contae Laoise. *Moltar duit gan an fhoirm iarratais seo agus an fhoirm iarratais Aoníocaíochta a chur isteach le chéile, chun moill a sheachaint.*

CAITHFEAR NA HIARRATAIS UILE AGUS NA DOICIMÉID TACAÍOCHTA A GHABHANN LEO A FHÁIL AR NÓ ROIMH AN DÁTA DEIRIDH AN 17 BEALTAINE 2010
NÍ GHLACFAR LE FOIRMEACHA IARRATAIS DÉANACHA

Comhdhlúthú Teidlíochtaí – Téarmaí agus Coinníollacha

Má tá ceisteanna ar bith agat maidir le Comhdhlúthú Teidlíochtaí, déan teagmháil, le do thoil, leis an Rannóg um Chomhdhlúthú, Aonad na dTeidlíochtaí Aoníocaíochta, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Foirgneamh Eircom, Cnoc Meá, Port Laoise, Contae Laoise. Íosghlao 1890 252 240/241

- **Achoimre is ea é seo a leanas ar na príomhphointí maidir le Comhdhlúthú:**

  Ní mór don laghdú ar líon na heicteár a dhearbhaítear san Iarratas SPS 2010 a bheith mar thoradh ar cheann amháin nó níos mó de na bearta seo a leanas:
  - Talamh á fáil ag Údarás Poiblí chun críocha neamhthalmhaíochta (áireofar leis seo, mar shampla, tailte a ceannaíodh go héigeantach ar mhaithe le forbairt bóithre etc. ach ní áireofar tailte a díoladh le haghaidh forbartha).
  - Tailte a tógadh ar léas le linn thréimhse uile na tréimhse tagartha (2000-2002) nó cuid di, áit a d'éag nó a éagfaidh an comhaontú léasa agus nach bhfuil na dáileachtaí talún i gceist dearbhaithe ar d'iarratas SPS 2010.
  - Tailte a tógadh ar cíos le linn thréimhse uile na tréimhse tagartha nó cuid di, áit a d'éag nó a éagfaidh an comhaontú cíosa agus nach bhfuil na dáileachtaí talún i gceist dearbhaithe ar d'iarratas SPS 2010.
  - Tailte a cailleadh toisc gur úsáideadh iad d'fhoirgnimh faoin Scéim um Chúnamh Infheistíochta do Bhainistíocht Dramhaíl Feirme.

- Ní féidir iarratais ar chomhdhlúthú teidlíochtaí de bharr heicteár a cailleadh faoi na bearta a bhfuil cur síos orthu thuas a mheas ach amháin má úsáideadh na heicteáir seo chun do theidlíochtaí a chruthú le linn na tréimhse tagartha.

- Ní mór don talamh a cailleadh a bheith ar chóimhéid nó níos mó leis an difríocht idir líon na dteidlíochtaí a leithdháileadh ortsa lúide na heicteáir incháilithe a dhearbhaítear i d'iarratas Aoníocaíochta 2010 agus ní mór don chaillteanas a bheith mar thoradh ar cheann de na bearta liostaithe thuas atá incháilithe le haghaidh comhdhlúthaithe.

- Caithfidh líon na heicteár a dhearbhaítear ar fhoirm iarratais Scéim Aoníocaíochta 2010 a bheith níos lú ná líon na dteidlíochtaí atá agat.

- Tá feirmeoirí i dteideal iarratas a chur isteach ar chomhdhlúthú i níos mó ná bliain amháin más rud é go gcomhlíontar na coinníollacha ar fad. Dá mba rud é gur glacadh leat faoin mbeart maidir le Comhdhlúthú le linn bliana scéime roimhe seo agus go dteastaíonn Comhdhlúthú breise uait sa bhliain 2010, ní féidir an talamh a rinneadh feirmeoireacht uirthi le linn na tréimhse tagartha agus nach raibh ar fáil nuair a rinne tú comhdhlúthú roimhe seo a úsáid mar chúis le comhdhlúthú breise a dhéanamh.

- Caithfidh líon na heicteár incháilithe a dhearbhaíonn tú ar d'iarratas Scéim Aoníocaíochta 2010 a bheith ar chóimhéid le 50% ar a laghad de na teidlíochtaí a leithdháileadh ort, lena n-áirítear aon teidlíochtaí breise a leithdháileadh ort i leith cúitimh Biatas Siúcra.

- Is féidir le feirmeoirí ar bronnadh teidlíochtaí breise orthu mar thoradh ar an Athchóiriú Biatas Siúcra sa bhliain 2006 a iarraidh go ndéanfaí a dteidlíochtaí a chomhdhlúthú. Ní mór, ámh, gur úsáideadh an talamh chun a dteidlíochtaí a chruthú agus caithfidh go mbainfidh sí le ceann de na bearta a bhfuil cur síos orthu thuas**.**

- Nuair a aistrítear gabháltas **IOMLÁN** trí bhronntanas nó Oidhreacht, is féidir leis an bhfeirmeoir a fhaigheann nó a gheobhaidh na tailte agus na teidlíochtaí ó fheirmeoir a fuair íocaíochtaí díreacha le linn na tréimhse tagartha iarratas a chur isteach chun a t(h)eidlíochtaí a chomhdhlúthú.

- Má chuireann feirmeoir de láimh go buan talamh faoi úinéireacht a dhearbhaigh sé le linn na tréimhse tagartha agus murar chuir sé líon coibhéiseach heicteár ina hionad, déanfar na teidlíochtaí comhdhlúite a áireamh bunaithe ar na tailte a cuireadh de láimh chomh maith leis an talamh a dearbhaíodh ar an bhfoirm iarratais SPS 2010. Mar sin, ba chóir duit tailte a chur in ionad na dtailte a chuir tú de láimh sula ndéanfaidh tú iarratas ar Chomhdhlúthú.

- Má dhéanann feirmeoir an méid céanna teidlíochtaí agus heicteár a aistriú amach go buan (trí dhíol/bhronntanas/oidhreacht), ní chuirfear an talamh seo san áireamh nuair a dhéanfar comhdhlúthú a áireamh sa bhliain 2010, ach beidh an riail 50% bunaithe ar an leithdháileadh bunaidh teidlíochtaí móide teidlíochtaí breise a leithdháileadh i ndáil leis an athchóiriú Biatas Siúcra. **Féadtar doiciméid tacaíochta a iarraidh chun a chruthú gur tugadh an méid céanna talún agus teidlíochtaí de láimh don úinéir tréada céanna**.

- Ní féidir teidlíochtaí Coinníollacha Speisialta a chomhdhlúthú.

- Ní féidir le feirmeoir a fhaigheann tailte agus teidlíochtaí ar cheannach/léas a theidlíochtaí ceannaithe/léasaithe a chomhdhlúthú.

- Níl teidlíochtaí breise a leithdháiltear ón gCúltaisce Náisiúnta incháilithe le haghaidh comhdhlúthaithe.

Doiciméid Tacaíochta:

Ní mór na doiciméid tacaíochta seo a leanas a chur isteach leis an bhfoirm iarratais ar chomhdhlúthú chomhlánaithe, de réir mar is cuí do d'iarratas:

- I gcás talamh a díoladh le hÚdarás Poiblí chun críocha neamhthalmhaíochta, cuir isteach cóip den CPO/den Chonradh díola sínithe, le do thoil.
- I gcás léas atá imithe ar éag, cuir isteach cóip dheimhnithe den chomhaontú léasa imithe ar éag, le do thoil.
- I gcás comhaontú cíosa atá imithe ar éag, ní mór duit an dearbhú cíosa ar leathanach tosaigh an iarratais seo a shíniú. Chomh maith leis seo, má iarrann an Roinn ar an iarratasóir cruthúnas a sholáthar ar chomhaontú cíosa talún atá imithe ar éag, bheifí ag súil leis go ndéanfadh an t-iarratasóir fianaise dá leithéid a sholáthar ar iarratas.
- I gcás tailte a úsáideadh le haghaidh foirgneamh faoin Scéim um Chúnamh Infheistíochta do Bhainistíocht Dramhaíl Feirme, ní mór an litir formheasa FWM8 a sholáthar.

Tabhair faoi deara le do thoil:

Má chuireann tú isteach ar chomhdhlúthú sa bhliain 2010, beidh an comhdhlúthú bunaithe ar líon na heicteár a dhearbhaíonn tú ar d'iarratas SPS fiú amháin má laghdaítear líon na heicteár ina dhiaidh sin mar thoradh ar sheiceálacha ar an láthair nó seiceálacha riaracháin.